2026/2354

22.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2354 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2026

maidir le formáidí chun faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a chur isteach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ceanglais i Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir leis an bhfaisnéis ba cheart a thuairiscíú do chláir lárnacha na n-úinéirí tairbhiúla dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(2) Chun soiléireacht a sholáthar d'eintitis a bhfuil sé d'oibleagáid orthu a n-úinéireacht thairbhiúil a thuairisciú do na cláir lárnacha, cáilíocht chomhsheasmhach na sonraí a bhailítear a áirithiú agus idir-inoibritheacht na gclár lárnach a mhéadú, is gá formáidí coiteanna a leagan síos chun faisnéis éigeantach maidir le húinéireacht thairbhiúil a chur isteach mar a leagtar síos in Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2024/1640. Chun a áirithiú go mbeidh clárúcháin iomlán agus go mbeidh taifid sonraí iomlána sna cláir lárnacha, is gá seicliosta a leagan síos le haghaidh íoscheanglais.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1624, tá catagóirí áirithe faisnéise le cur faoi bhráid an chláir lárnaigh i gcónaí.

(4) Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an seicliosta na híoscheanglais maidir le glacadh le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil arna cur isteach. Níor cheart glacadh le haighneachtaí nach gcomhlíonann na híoscheanglais sin go léir.

(5) Na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, tá siad gan dochar do rialacha na mBallstát maidir le pointí sonraí breise a leagtar síos chun críoch eile seachas na críocha sin a shaothraítear le Treoir (AE) 2024/1640 agus a chomhlíonann dlí an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh ar na críocha sin tacú le bearta díchill chuí maidir le custaiméirí i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2024/1624 nó an riosca a laghdú i gcásanna ina bhfuil staid riosca shonrach i mBallstát.

(6) Ní chumhdaítear leis an Rialachán seo roinnt pointí sonraí a shonraítear i Rialachán (AE) 2024/1624, cé gur cheart iad a chur faoi bhráid an chláir i gcónaí i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Baineann sé sin le pointí sonraí a bhfuil a bhformáid bunaithe cheana agus nach gá iad a rialáil a thuilleadh, amhail uimhreacha aitheantais pearsanta uathúla náisiúnta, uimhreacha aitheantais cánach agus an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh.

(7) Glactar leis go ndéantar clárú ó thaobh eintiteas dlítheanach nó socrú dlíthiúil de. Féadfaidh níos mó ná úinéir tairbhiúil amháin a bheith ag eintiteas dlítheanach amháin nó ag socrú dlíthiúil amháin. Dá bhrí sin, féadfaidh na heintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha gach úinéir tairbhiúil a chlárú ar leithligh, tríd an sreabhadh oibre in-athdhéanta céanna, go dtí go mbeidh na húinéirí tairbhiúla uile cláraithe. I gcás inar féidir roinnt úinéirí tairbhiúla a shainaithint agus nach féidir cuid acu a shainaithint, ba cheart go leanfadh na sreafaí oibre in-athdhéanta an loighic chéanna agus go gcríochnóidís ag pointí éagsúla.

([1]) IO L, 2024/1640, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1640/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj).

(8) I gcás ina bhfuil eintiteas dlítheanach nó socrú dlíthiúil a chuireann faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil isteach ina chuid de struchtúr casta lena n-áirítear roinnt eintiteas dlítheanach nó socruithe dlíthiúla a bhfuil naisc acu leis an úinéir tairbhiúil céanna nó leis na húinéirí tairbhiúla céanna, ba cheart léiriú físiúil ar an struchtúr úinéireachta nó rialaithe ('cairt eagrúcháin') a chur isteach, ós rud é gurb é an bealach is soláimhsithe agus is inrochtana é chun an struchtúr corparáideach lena mbaineann an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil a thuiscint. Ba cheart taifead cuimsitheach a bheith sa chairt eagraíochtúil sin ar eilimintí ilchodacha uile na struchtúr sin, mar aon le tásca ar a gcineál agus ar na naisc eatarthu. Go háirithe, ba cheart ainmneacha agus foirm dhlíthiúil na n-eintiteas dlítheanach agus na socruithe dlíthiúla uile ar leo an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil nó a rialaíonn an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil sin a bheith ar chairt eagrúcháin, chomh maith le cineál agus méid na húinéireachta nó an rialaithe sin, agus léiriú físiúil ar an gcaidreamh idir úinéirí tairbhiúla an eintitis dhlítheanaigh nó an tsocraithe dhlíthiúil agus na heintitis dhlítheanacha agus na socruithe dlíthiúla uile atá ina gcuid den struchtúr úinéireachta agus rialaithe. In ionad cairteacha eagrúcháin den sórt sin, ba cheart an deis a bheith ag na heintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha faisnéis a bhailiú faoi struchtúr casta i bhformáidí sonraithe nó trí bhíthin réimsí sonraí struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha nó uaslódálacha comhaid. Leis an tsolúbthacht sin, d'fhéadfaí dea-chleachtais a fhorbairt chun cineál, cuspóir agus sainiúlachtaí ábhartha uile struchtúir chasta a ghabháil go cuimsitheach.

(9) Chun ualaí riaracháin a laghdú agus, an tráth céanna, rannchuidiú le heispéireas níos rianúla do na cláraithe agus do na cláir lárnacha, is gá foráil a dhéanamh maidir le maoluithe áirithe a bhaineann le sonraí atá i gcláir eile cheana féin agus atá le bailiú ag na heintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le míreanna áirithe faisnéise, lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí, dátaí breithe, ach d'fhéadfadh feidhm a bheith aige freisin maidir le míreanna lena n-áirítear leasanna úinéireachta agus cineálacha éagsúla sonraí bunúsacha faoi eintitis dhlítheanacha agus socruithe dlíthiúla. I gcás inar féidir na sonraí atá á lorg a aisghabháil ó chlár eile cheana, féadfar na ceanglais formáide a tharscaoileadh. Féadfaidh cláir lárnacha foinse na sonraí sin a léiriú agus torthaí cuardaigh á dtaispeáint d'úsáideoirí.

(10) Níor cheart do na ceanglais formáide difear láithreach a dhéanamh do chlárúcháin a dhéantar roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, bheadh sé réasúnach do na Ballstáit a cheangal go ndéanfadh aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin atá ann cheana an Rialachán seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, féadfaidh cláir lárnacha an staid sin a chur san áireamh má fhaigheann siad agus nuair a fhaigheann siad tuarascálacha neamhréireachta a bhaineann le clárúcháin atá fós le nuashonrú tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(11) Maidir leis an dáta óna sealbhaítear an leas tairbhiúil, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint le róil áirithe i socruithe dlíthiúla. Ba cheart gach páirtí i socrú dlíthiúil a chlárú, ós rud é go meastar gur úinéirí tairbhiúla iad na páirtithe sin uile faoi Rialachán (AE) 2024/1624. Chun léirmhínithe éagsúla ar an Rialachán sin a sheachaint i leith shainiú an trátha a tháinig ann do leas tairbhiúil na bpáirtithe, is é an dáta a thiocfaidh ann don iontaobhas go foirmiúil an dáta ba cheart bheith ann i gcás an leasa thairbhiúil maidir le socraitheoir. I gcás iontaobhaí, is é dáta a cheaptha ba cheart a bheith ann. I gcás na dtairbhithe, is é dáta a dhearbhaítear iad ina dtairbhithe sa ghníomhas nó an dáta a shainaithníonn iontaobhaí iontaobhais lánroghnaigh iad ba cheart a bheith ann. I gcás cosantóra, is é dáta a cheaptha ba cheart a bheith ann.

(12) Chun soiléiriú breise a thabhairt maidir le clárú úinéirí tairbhiúla éagtha áirithe, i gcás ina bhfuil úinéir tairbhiúil socraithe dhlíthiúil éagtha, féadfar an méid sin a léiriú sna pointí sonraí ábhartha. Mar sin féin, aon sonra a cuireadh isteach nuair a bhí an t-úinéir tairbhiúil ina bheatha, ba cheart leanúint dá choinneáil sa chlár i gcomhréir leis na forálacha maidir le coinneáil sonraí a leagtar síos in Airteagal 10(20) de Threoir (AE) 2024/1640.

(13) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] ('RGCS') maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] agus thug an Maoirseoir tuairim an 14 Eanáir 2026.

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[4] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(15) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chosc ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta.

(16) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2024/1624 ón 10 Iúil 2027, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formáidí chun sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla a chur isteach

1. Cuirfear sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla isteach sna formáidí seo a leanas:

(a) céadainm/céadainmneacha: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil céadainmneacha uile an úinéara thairbhiúil ina n-iomláine;

(b) sloinne/sloinnte: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil sloinnte uile an úinéara thairbhiúil ina n-iomláine;

(c) áit bhreithe: seicheamh litreacha nó uimhreacha;

(d) dáta breithe: dáta, ina bhfuil an bhliain, an mhí agus an lá, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II;

(e) seoladh cónaithe: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III;

(f) tír chónaithe: eagar ina bhfuil, ar a laghad, na tíortha a liostaítear in ISO 3166-1 alpha-3;

(g) náisiúntachtaí: eagar, lena gceadaítear roghanna iomadúla, ina bhfuil ar a laghad na tíortha a liostaítear in ISO 3166-1 alpha-3 agus rogha 'gan stát';

(h) an cineál doiciméid aitheantais: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(i) uimhir an doiciméid aitheantais: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(j) an tír a eisíonn an doiciméad aitheantais: eagar ina bhfuil, ar a laghad, na tíortha a liostaítear in ISO 3166-1 alpha-3.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil an t-úinéir tairbhiúil éagtha, féadfar an méid sin a léiriú in ionad na sonraí a shonraítear i mír 1, pointí (c) go (j).

3. Cuirfear isteach sonraí maidir le cineál agus méid an leasa thairbhiúil agus maidir le húinéirí tairbhiúla sna formáidí seo a leanas:

(a) cineál leasa úinéireachta san eintiteas dlítheanach: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

  (i) úinéireacht dhíreach;

  (ii) úinéireacht indíreach;

(b) i gcás socruithe dlíthiúla, maidir le daoine nádúrtha, dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2024/1624, a sainaithníodh mar úinéirí tairbhiúla: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

  (i) socraitheoir;

  (ii) iontaobhaí;

  (iii) tairbhí;

  (iv) cuspóir cumhachta;

  (v) faighteoir i gcás mainneachtan;

  (vi) cosantóir;

  (vii) aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú deiridh ar an socrú dlíthiúil trí úinéireacht dhíreach nó indíreach nó trí mhodhanna eile, lena n-áirítear trí shlabhra rialaithe nó úinéireachta;

(c) i gcás eintitis dhlíthiúla, maidir le daoine nádúrtha, dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1624, a sainaithníodh mar úinéirí tairbhiúla: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

(i) bunaitheoir;

(ii) comhalta an chomhlachta bainistíochta ina fheidhme bainistíochta;

(iii) comhalta an chomhlachta bainistíochta ina fheidhme maoirseachta;

(iv) tairbhí;

(v) aon duine nádúrtha eile, a rialaíonn an t-eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach;

(d) céatadán den úinéireachta in eintiteas corparáideach: céatadán lena gceadaítear dhá phointe dheachúlacha;

(e) cineál an rialaithe ar an eintiteas dlítheanach: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

(i) rialú trí úinéireacht;

(ii) rialú trí chearta vótála;

(iii) rialú trí cheart ceapachán;

(iv) rialú trí chearta crosta;

(v) rialú trí dháileadh brabús;

(vi) rialú trí chomhaontuithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla;

(vii) rialú trí chaidrimh idir baill teaghlaigh;

(viii) rialú ar thromlach na gceart vótála trí ghníomhú i gcomhar le daoine eile;

(ix) rialú trí shocruithe ainmnitheacha;

(f) dáta óna sealbhaítear an leas tairbhiúil: dáta, ina bhfuil an bhliain, an mhí agus an lá, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II.

4. De mhaolú ar mhír 3, i gcás inar gnóthas comhinfheistíochta é an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil, cuirfear na sonraí maidir le cineál agus méid an leasa thairbhiúil isteach sna formáidí seo a leanas:

(a) sealúchas díreach nó indíreach na n-aonad arna sealbhú sa ghnóthas comhinfheistíochta: céatadán lena gceadaítear dhá phointe dheachúlacha;

(b) cumas beartas infheistíochta an ghnóthais comhinfheistíochta a shainiú nó tionchar a imirt air: seicheamh carachtar, litreacha agus uimhreacha, nó uaslódáil comhaid;

(c) rialú ghníomhaíochtaí an ghnóthais comhinfheistíochta ar shlite eile: seicheamh carachtar, litreacha agus uimhreacha, nó uaslódáil comhaid;

5. De mhaolú ar mhír 1 go dtí mír 4 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil na sonraí is gá ar fáil cheana féin i gclár eile nó i gcás ina dtuairiscítear na sonraí sin do chlár eile agus inar féidir iad a thaispeáint don úsáideoir deiridh i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2024/1624 agus leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach na sonraí sin a athúsáid nó iarrfaidh sé iad san fhormáid atá ar fáil agus bunaithe cheana.

6. I gcás nach féidir úinéir tairbhiúil a shainaithint, cuirfear an réasúnú maidir leis na cúiseanna nach bhfuil úinéir tairbhiúil ann isteach i bhformáid eagair ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

(a) Murab ann d'úinéir tairbhiúil:

(i) tá úinéireacht an eintitis dhlítheanaigh scaipthe sa chaoi nach bhfuil leas úinéireachta leordhóthanach ag aon duine, ná nach bhfuil smacht ag aon duine ar mhodhanna eile;

(ii) níl aon úinéir dlíthiúil ag an eintiteas dlíthiúil de réir sainmhínithe, agus níl leas urlámhais ná rialú ar mhodh eile ag aon duine;

(iii) tá úinéir tairbhiúil an tsocraithe dhlíthiúil éagtha;

(iv) tá úinéir tairbhiúil an tsocraithe dhlíthiúil ina shliochtach nár rugadh fós;

(b) Ní rabhthas in ann úinéir tairbhiúil a chinneadh tar éis gach modh sainaitheantais dá bhforáiltear faoi Airteagail 51 go 57 de Rialachán (AE) 2024/1624 a ídiú.

7. Tíolacfar sonraí maidir le hoifigigh bainistíochta sinsearaí i gcomhréir leis na formáidí a bhunaítear i mír 1. Beidh an maolú a leagtar síos i mír 5 i bhfeidhm go cothrom maidir leis an mír seo.

8. Cuirfear isteach sonraí maidir leis an duine atá freagrach as an bhfaisnéis a choinneáil sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 63(6) de Rialachán (AE) 2024/1624 sna formáidí seo a leanas:

(a) céannacht an duine: beidh an fhormáid i gcomhréir leis na sonraíochtaí i mír 1, pointí (a), (b), (h), (i) agus (j) den Airteagal seo;

(b) sonraí teagmhála an duine: seoladh poist i gcomhréir leis an bhformáid a shonraítear in Iarscríbhinn III, seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin.

Airteagal 2

Formáidí chun sonraí maidir le heintitis dhlíthiúla a chur isteach

1. Cuirfear sonraí maidir le heintitis dhlíthiúla isteach sna formáidí seo a leanas:

(a) ainm an eintitis dhlítheanaigh; seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(b) foirm dhlíthiúil;

(i) i gcás eintitis dhlítheanacha arna gcruthú i mBallstát an chlárúcháin, eagar ina bhfuil na foirmeacha dlíthiúla éagsúla a cheadaítear sa Bhallstát sin;

(ii) i gcás eintitis dhlítheanacha arna gcruthú lasmuigh den Aontas, eagar ina bhfuil ar a laghad na téarmaí 'Cuideachta', 'Fondúireacht' agus 'Eile';

(c) seoladh na hoifige cláraithe nó oifigiúla: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III;

(d) seoladh na príomháite gnó i gcás nach ionann é agus an seoladh faoi phointe (c): seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III;

(e) tír a chruthaithe: eagar ina bhfuil, ar a laghad, na tíortha a liostaítear in ISO 3166-1 alpha-3;

(f) ainmneacha na n-ionadaithe dlítheanach;

(i) i gcás duine nádúrtha, beidh an fhormáid mar an gcéanna faoi mar a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a) agus (b);

(ii) i gcás duine dlítheanach, beidh an fhormáid mar an gcéanna faoi mar a shonraítear sa mhír seo, pointí (a) agus (b);

(g) cúis le heintitis dhlítheanacha a cruthaíodh lasmuigh den Aontas a chlárú: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

(i) tá an t-eintiteas dlítheanach ag dul i mbun caidreamh gnó le heintiteas faoi oibleagáid de chuid an Aontais;

(ii) tá réadmhaoin á fáil ag an eintiteas dlítheanach san Aontas;

(iii) tá mótarfheithiclí, árthaí uisce nó aerárthaí, a chomhlíonann na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 67(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1624 nó a sháraíonn na teorainneacha sin, á bhfáil ag an eintiteas dlítheanach, i gcomhthéacs idirbheart ócáideach;

(iv) tá conradh poiblí a fháil ag an eintiteas dlítheanach ó údarás conarthach san Aontas le haghaidh earraí nó seirbhísí, nó lamháltas;

(h) doiciméid ábhartha agus tuairisc i ndáil le pointe (g): seicheamh carachtar, litreacha agus uimhreacha, agus uaslódáil comhaid;

(i) tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe: comhad a uaslódáil, nó sonraí struchtúrtha a chur isteach, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I;

(j) i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 59 de Rialachán (AE) 2024/1624, ina sainaithneofar aicme na dtairbhithe agus a saintréithe ginearálta: úsáidfear seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil tuairisc ar chineál an tsocraithe ainmnithigh agus a shaintréithe ginearálta;

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil na sonraí is gá ar fáil cheana féin i gclár eile nó i gcás ina dtuairiscítear na sonraí sin do chlár eile agus inar féidir iad a thaispeáint don úsáideoir deiridh i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2024/1624 agus leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach na sonraí sin a athúsáid nó iarrfaidh sé iad san fhormáid atá ar fáil agus bunaithe cheana.

Airteagal 3

Formáidí chun sonraí maidir le socruithe dlíthiúla a chur isteach

1. Cuirfear sonraí maidir le socruithe dlíthiúla isteach sna formáidí seo a leanas:

(a) ainm an tsocraithe dhlíthiúil: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(b) aitheantóir uathúil an tsocraithe dhlíthiúil: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(c) faisnéis faoin ngníomhas iontaobhais nó a choibhéis: comhad a uaslódáil, lenar féidir an gníomhas iontaobhais nó a choibhéis a uaslódáil, agus aon aguisín nó aon doiciméad ceangailteach eile a bhaineann leis an ngníomhas; i gcás nach ann don ghníomhas iontaobhais nó dá choibhéis, úsáidfear seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina ionad sin chun tuairisc ghinearálta a sholáthar, arna chomhlánú leis na pointí sonraí seo a leanas:

  (i) an cineál socraíochta: eagar, lenar féidir roghanna iomadúla a dhéanamh, ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

    (1) aontaobhach;

    (2) ionstraim i scríbhinn arna síniú ag an socraitheoir agus ag an iontaobhaí;

    (3) ionstraim *inter vivos*;

    (4) ionstraim thiomnach;

    (5) ionstraim nótaireachta;

  (ii) an dlí lena rialaítear an socrú dlíthiúil: eagar ina bhfuil, ar a laghad, na tíortha a liostaítear in ISO 3166-1 alpha-3;

  (iii) in-aisghairtheacht an tsocraithe dhlíthiúil: eagar lena gceadaítear ar a laghad na roghanna atá in-chúlghairthe agus neamh-inchúlghairthe;

  (iv) aon chumhacht fhorchoimeádta ag an socraitheoir, i gcás inarb infheidhme: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

  (v) dualgais, cumhachtaí agus srianta an chosantóra, i gcás inarb infheidhme: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

  (vi) daoine eisiata, i gcás inarb infheidhme: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

  (vii) dáta na socraíochta bunaidh: dáta, ina bhfuil an bhliain, an mhí agus an lá, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II;

(d) cuspóir an tsocraithe dhlíthiúil, más ann dó: eagar ina mbeidh na roghanna seo a leanas ar a laghad:

  (i) bainistiú sócmhainní – réadmhaoin;

  (ii) bainistiú sócmhainní – bainistíocht urrús agus leachtachta;

  (iii) bainistiú sócmhainní – bainistiú oidhreachta;

  (iv) bainistiú sócmhainní – cineál measctha sócmhainní;

  (v) críocha carthanúla/deonacháin;

(e) luach na sócmhainní a shealbhaítear sa socrú dlíthiúil nó a bhainistítear tríd: eagar ina mbeidh ar a laghad na roghanna seo a leanas i gcoibhneas le luach na sócmhainní tráth an chlárúcháin:

  (i) tá luach na sócmhainní níos lú ná EUR 1 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

  (ii) tá luach na sócmhainní idir EUR 1 000 agus EUR 10 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

  (iii) tá luach na sócmhainní idir EUR 10 000 agus EUR 100 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

  (iv) tá luach na sócmhainní idir EUR 100 000 agus EUR 1 000 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

(v) tá luach na sócmhainní idir EUR 1 000 000 agus EUR 10 000 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

(vi) tá luach na sócmhainní idir EUR 10 000 000 agus EUR 50 000 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

(vii) tá luach na sócmhainní níos mó ná EUR 50 000 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

(f) áit chónaithe an iontaobhaí nó an duine ag a bhfuil poist choibhéiseacha i socruithe dlíthiúla comhchosúla: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointe (e), agus beidh sí in-athdhéanta i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin ann;

(g) áit riaracháin, i gcás nach ionann é agus an áit chónaithe: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointe (e), agus beidh sí in-athdhéanta i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin ann;

(h) tuairisc ar na tairbhithe: eagar, lenar féidir níos mó ná rogha amháin a dhéanamh, leis na roghanna seo a leanas:

(i) inaitheanta ina n-aonar agus tuairiscithe mar úinéirí tairbhiúla;

(ii) neamh-inaitheanta/aicme tairbhithe; úsáidfear seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil tuairisc bhreise ar chineál an tsocraithe ainmnithigh, i gcás inarb iomchuí;

(i) cúis le clárú le haghaidh socruithe dlíthiúla a riartar lasmuigh den Aontas: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 2, mír 1, pointe (g);

(j) doiciméad/doiciméid ábhartha agus tuairisc i ndáil le pointe (i): beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 2, mír 1, pointe (h);

(k) tuairisc ar struchtúr úinéireachta nó rialaithe: comhad a uaslódáil, nó sonraí struchtúrtha a chur isteach, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I;

(l) i gcás iontaobhais lánroghnacha inar féidir ábhair cumhachta nó faighteoirí i gcás mainneachtan a shainaithint, atá ina n-aonar nó atá á n-aicmiú le:

(i) ainmneacha agus sloinnte daoine nádúrtha a sainaithníodh mar ábhair cumhachta: beidh an fhormáid i gcomhréir leis na sonraíochtaí in Airteagal 1, mír 1, pointí (a) agus (b);

(ii) ainmneacha na n-eintiteas dlítheanach agus na socruithe a sainaithníodh mar ábhair cumhachta: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in:

(1) Airteagal 2, mír 1, pointí (a), (b) agus (e), i gcás eintitis dhlítheanacha;

(2) an tAirteagal seo agus an mhír seo, pointí (a) agus (b), le haghaidh socruithe dlíthiúla;

(iii) tuairisc ar chuspóirí cumhachta atá á n-aicmiú le: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha;

(iv) ainmneacha agus sloinnte daoine nádúrtha a sainaithníodh mar fhaighteoirí i gcás mainneachtan: beidh an fhormáid i gcomhréir leis na sonraíochtaí i mír 1, pointí (a) agus (b);

(v) ainmneacha na n-eintiteas dlítheanach agus na socruithe a sainaithníodh mar fhaighteoirí i gcás mainneachtan: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in:

(1) Airteagal 2, mír 1, pointí (a), (b) agus (e), i gcás eintitis dhlítheanacha;

(2) an tAirteagal seo agus an mhír seo, pointí (a) agus (b), le haghaidh socruithe dlíthiúla;

(vi) tuairisc ar fhaighteoirí i gcás mainneachtan atá á n-aicmiú le: seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil na sonraí is gá ar fáil cheana féin i gclár eile nó i gcás ina dtuairiscítear na sonraí sin do chlár eile agus inar féidir iad a thaispeáint don úsáideoir deiridh i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2024/1624 agus leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach na sonraí sin a athúsáid nó iarrfaidh sé iad san fhormáid atá ar fáil agus bunaithe cheana.

Airteagal 4

Formáidí chun sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla a chur isteach

1. Cuirfear sonraí maidir le hainmnithe isteach sna formáidí seo a leanas:

(a) ainmneacha scairshealbhóirí ainmnitheacha le haghaidh scairshealbhóirí ainmnitheacha ar daoine nádúrtha iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a), (b), (h), (i) agus (j);

(b) ainmneacha scairshealbhóirí ainmnitheacha le haghaidh scairshealbhóirí ainmnitheacha ar daoine dlíthiúla iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 2, mír 1, pointí (a), (b) agus (e);

(c) stádas agus caidreamh le heintiteas dlítheanach an scairshealbhóra ainmnithigh:

(i) an dáta a thosaigh an socrú ainmnitheach;

(ii) eagar ina mbeidh ar a laghad na roghanna 'Tá conradh foirmiúil ainmnitheach ann' agus 'Tá comhaontú neamhfhoirmiúil ainmnitheach ann';

(iii) seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil tuairisc ar chineál an tsocraithe ainmnigh;

(d) ainmneacha stiúrthóirí ainmnitheacha le haghaidh stiúrthóirí ainmnitheacha ar daoine nádúrtha iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a), (b), (h), (i) agus (j);

(e) ainmneacha stiúrthóirí ainmnitheacha le haghaidh stiúrthóirí ainmnitheacha ar daoine dlíthiúla iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 2, mír 1, pointí (a), (b) agus (e);

(f) stádas agus caidreamh le heintiteas dlítheanach an stiúrthóra ainmnithigh:

(i) an dáta a thosaigh an socrú ainmnitheach;

(ii) eagar ina mbeidh ar a laghad na roghanna 'Tá conradh foirmiúil ainmnitheach ann' agus 'Tá comhaontú neamhfhoirmiúil ainmnitheach ann';

(iii) seicheamh carachtar, litreacha nó uimhreacha ina bhfuil tuairisc ar chineál an tsocraithe ainmnigh;

(g) céannacht na n-ainmneoirí le haghaidh ainmneoirí ar daoine nádúrtha iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a), (b), (h), (i) agus (j);

(h) céannacht na n-ainmneoirí le haghaidh ainmneoirí ar daoine dlíthiúla iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 2, mír 1, pointí (a), (b) agus (e);

(i) úinéirí tairbhiúla ainmnitheora le haghaidh ainmnitheoirí ar daoine dlítheanacha iad: beidh an fhormáid mar an gcéanna leis an bhformáid a shonraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a), (b), (h), (i) agus (j).

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil na sonraí is gá ar fáil cheana féin i gclár eile nó i gcás ina dtuairiscítear na sonraí sin do chlár eile agus inar féidir iad a thaispeáint don úsáideoir deiridh i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2024/1624 agus leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach na sonraí sin a athúsáid nó iarrfaidh sé iad san fhormáid atá ar fáil agus bunaithe cheana.

Airteagal 5

Seicliosta

Ní fhéadfaidh eintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha glacadh le faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil arna cur isteach ach amháin i gcás inarb ann do na heilimintí seo a leanas ar a laghad agus i gcás ina gcomhlíonann an cur isteach sin na pointí ábhartha d'Airteagail 1, 2 agus 3:

(a) i gcás úinéir tairbhiúil:

(i) sonraí pearsanta: Airteagal 1(1), pointí (a) go (j);

(ii) sonraí maidir le cineál agus méid an leasa thairbhiúil agus úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla an eintitis dhlítheanaigh nó an tsocraithe dhlíthiúil: an mhír/na míreanna ábhartha d'Airteagal 1(3) nó (4), de réir mar is iomchuí;

(b) i gcás eintiteas dlítheanach:

(i) sonraí bunúsacha: Airteagal 2(1), pointí (a) go (f);

(ii) sonraí maidir leis an struchtúr úinéireachta agus rialaithe: i gcás ina bhfuil níos mó ná eintiteas dlítheanach amháin nó socrú dlíthiúil amháin sa struchtúr úinéireachta agus rialaithe, Airteagal 2(1), pointe (i);

(iii) i gcás eintitis dhlíthiúla ar cuideachtaí iad, agus i gcás ina mbeidh sé ar fáil: An tAitheantóir Uathúil Eorpach ([5]).

(c) i gcás socraithe dhlíthiúil:

(i) sonraí bunúsacha: Airteagal 3(1), pointí (a) go (h);

(ii) sonraí maidir leis an struchtúr úinéireachta nó rialaithe: i gcás ina bhfuil níos mó ná eintiteas dlítheanach amháin nó socrú dlíthiúil amháin sa struchtúr úinéireachta agus rialaithe, Airteagal 3(1), pointe (k).

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Iúil 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Dá dtagraítear i Roinn 9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún (IO L 225, 25.6.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1042/oj).

IARSCRÍBHINN I

Tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe

Chun críocha Airteagal 2(1), pointe (i), agus Airteagal 3(1), pointe (k), sa chomhad a uaslódálfar nó sna sonraí struchtúrtha, beidh ceachtar díobh seo a leanas :

(a) léiriú físiúil ar an struchtúr úinéireachta nó rialaithe lena mbaineann an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil, agus é ábhartha chun an t-úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla a shainaithint ('cairt eagraíochtúil');

(b) cruthúnas go bhfuil an úinéireacht scaipthe ionas nach mbeidh leas urlámhais ná rialú ar bhealaí eile ag aon duine.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas soiléir agus inléite sa chairt eagraíochtúil:

(a) ainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme, cláruimhreacha na n-eintiteas dlítheanach agus na socruithe dlíthiúla uile ar leo an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil nó a bhfuil an t-eintiteas dlítheanach nó an socrú dlíthiúil faoina rialú, agus cibé acu atá nó nach bhfuil gach ceann díobh ina cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

   (1) eintiteas dlítheanach;

   (2) socrú dlíthiúil;

   (3) ainmneoir nó ainmnitheach.

(b) ainmneacha na ndaoine nádúrtha go léir atá ag gníomhú mar ainmnithe, i gcás inarb infheidhme;

(c) cineál agus méid na húinéireachta nó an rialaithe ar an eintiteas dlítheanach nó ar an socrú dlíthiúil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

   (1) díreach nó indíreach;

   (2) trí leas úinéireachta nó trí mhodhanna eile a shonrófar dá réir sin;

   (3) i gcás inarb infheidhme, an céatadán, lena gceadaítear dhá phointe dheachúla, de leas úinéireachta.

(d) léiriú físiúil ar an gcaidreamh idir úinéirí tairbhiúla an eintitis dhlítheanaigh nó an tsocraithe dhlíthiúil agus na heintitis dhlítheanacha agus na socruithe dlíthiúla uile atá ina gcuid den struchtúr úinéireachta agus rialaithe.

IARSCRÍBHINN II

Formáid na ndátaí

Déanfar na dátaí a fhormáidiú mar bbbb-mm-ll, i gcás inarb é bbbb an bhliain, i gcás inarb é mm an mhí agus i gcás inarb é ll an lá, agus iad sin uile á sloinneadh in uimhreacha.

IARSCRÍBHINN III

Formáid na seoltaí

Déanfar seoltaí a fhormáidiú mar a leanas:

Ainm sráide nó tí (éigeantach)

Uimhir (deonach)

Seoladh líne 2 (deonach)

Seoladh líne 3 (deonach)

Cathair (éigeantach)

Cód poist (éigeantach)

Tír (i gcomhréir le ISO 3166-1 alpha-3, éigeantach)